Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**8374/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0093 (NLE)**

**MAMA 94**
**MED 21**
**CFSP/PESC 550**
**POLCOM 143**
**SY 1**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 20 Aibreán 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 169 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>lena bhfoirceanntar fionraíocht pháirteach an Chomhaontaithe Comhair idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht Arabach na Siria agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2011/523/AE |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 169 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 169 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.4.2026
COM(2026) 169 final

2026/0093 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## lena bhfoirceanntar fionraíocht pháirteach an Chomhaontaithe Comhair idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht Arabach na Siria agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2011/523/AE

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

An 2 Meán Fómhair 2011, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2011/522/CBES lena leasaítear Cinneadh 2011/273/CBES maidir le bearta sriantacha in aghaidh na Siria. Leis an gcinneadh sin, cuireadh toirmeasc ar amhola agus táirgí peitriliam a cheannach, a allmhairiú nó a iompar ón tSiria tar éis an fheachtais bhrúidiúil a rinne Bashar al-Assad agus a réimeas in aghaidh a muintire féin. Leathnaíodh an toirmeasc chun táirgí ola agus peitriliam a chumhdach toisc gurbh í trádáil na dtáirgí sin is mó a chuaigh chun tairbhe do réimeas na Siria, rud a thacaigh lena bheartais dhiansmachtúla.

Chun téarmaí an Chomhaontaithe Comhair idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht Arabach na Siria (‘an Comhaontú Comhair’) a chomhlíonadh, ghlac an Chomhairle freisin, an 2 Meán Fómhair 2011, Cinneadh 2011/523/AE lena n-údaraítear Airteagail 12, 14 agus 15 de a chur ar fionraíocht go páirteach, arb iad na rialacha iad lena dtoirmisctear srianta cainníochtúla ar earraí de thionscnamh na Siria a cumhdaíodh leis na bearta sriantacha sa chéad chinneadh maidir leis an gComhbheartas Eachtrach agus Slándála (CBES). Tugadh fógra don tSiria maidir leis an bhfionraíocht an 5 Meán Fómhair 2011.

An 27 Feabhra 2012, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2012/122/CBES ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 2011/782/CBES maidir le bearta sriantacha in aghaidh na Siria. Leis an gCinneadh sin, cuireadh toirmeasc ar na hidirbhearta seo a leanas a dhéanamh le Rialtas na Siria, lena chomhlachtaí poiblí, lena chorparáidí agus lena ghníomhaireachtaí, nó le Banc Ceannais na Siria, ó na daoine agus na heintitis sin, nó ar son na ndaoine agus na n-eintiteas sin, atá ag gníomhú thar a gceann nó faoina stiúir, nó le heintitis atá faoi úinéireacht nó faoi rialú acu: ór, miotail lómhara, agus diamaint a dhíol go díreach nó go hindíreach, a cheannach go díreach nó go hindíreach, a iompar nó bróicéireacht a dhéanamh ina leith.

An 27 Feabhra 2012, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2012/123/CBES lena leasaítear Cinneadh 2011/523/AE chun cumhdach na fionraíochta páirtí a leathnú chuig ór agus miotail lómhara, chomh maith le diamaint a mhéid is de thionscnamh na Siria iad. Chuir an tAontas in iúl don tSiria gur leathnaíodh cumhdach fhionraí pháirteach an Chomhaontaithe Comhair chun na táirgí sin a chumhdach an 29 Feabhra 2012.

Ba é an chúis a bhí leis an gComhaontú Comhair a chur ar fionraíocht go páirteach agus na bearta sriantacha a fhorchur na sáruithe tromchúiseacha córasacha ar chearta an duine a bhí á ndéanamh ag réimeas Assad ó 2011, chomh maith leis an mainneachtain prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe a urramú, prionsabail atá mar bhonn leis an gComhaontú Comhair.

Le titim réimeas Assad i mí na Nollag 2024, bhí an deis ann Siria nua agus caidreamh déthaobhach athnuaithe a chruthú.

Sna conclúidí uaithi an 23 Meitheamh 2025, leag an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá aistriú síochánta cuimsitheach sa tSiria, atá saor ón gcur isteach eachtrach díobhálach, agus a thábhachtaí atá sé cearta mhuintir na Siria ó gach cúlra eitneach agus reiligiúnach a chosaint gan idirdhealú.

Chuir an Chomhairle i dtreis freisin go dtacaíonn sí leis na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag institiúidí idirnáisiúnta airgeadais chun measúnú a dhéanamh ar riachtanais na Siria agus d’iarr sí ar an mBanc Eorpach Infheistíochta a chuid gníomhaíochtaí sa tSiria a atosú. D’iarr sí ar an gcomhphobal idirnáisiúnta téarnamh eacnamaíoch na Siria a éascú agus obair a dhéanamh chun í a athimeascadh sa chóras idirnáisiúnta airgeadais.

Sa chomhthéacs sin, chuir an tAontas deireadh leis na smachtbhannaí eacnamaíocha uile ar an tSiria, cé is moite díobh siúd atá bunaithe ar fhorais slándála. Ina theannta sin, tá breis agus EUR 424 mhilliún slógtha ag an Aontas chun tacú leis an tSiria, lena n-áirítear pacáiste EUR 175 mhilliún chun tacú le téarnamh socheacnamaíoch agus forbairt institiúidí na Siria, agus chun ceartas idirthréimhseach, cuntasacht agus cearta an duine a chur chun cinn.

Mar léiriú soiléir ar a thacaíocht leanúnach, d'eagraigh an tAontas Chomhdháil na Bruiséile IX, 'Seasaimis leis an tSiria: Na riachtanais chuí a chomhlíonadh le go mbeidh aistriú rathúil ann', áit a gheall an tAontas beagnach EUR 2.5 billiún le haghaidh 2025 agus 2026. In éineacht leis na comhpháirtithe, tiomsaíodh EUR 5,8 billiún san iomlán chun cabhrú le próiseas aistrithe na Siria agus le téarnamh socheacnamaíoch na tíre. Thug an tAontas aghaidh freisin ar na riachtanais dhaonnúla phráinneacha, laistigh den tSiria agus sna pobail óstacha ar fud na hIordáine, na Liobáine, na hIaráice agus na Tuirce araon.

D'éirigh leis an Aontas Lá an Idirphlé sa Damaisc a eagrú freisin i gcomhar le sochaí shibhialta na Siria agus le húdaráis idirthréimhseacha na Siria, inar tugadh le chéile breis agus 350 ionadaí ó shochaí shibhialta na tíre.

I gcomhréir leis na cinntí sin, agus leis an gcuspóir an gnáthchaidreamh trádála leis an tSiria a athbhunú agus tacú le téarnamh socheacnamaíoch na tíre, tá sé tábhachtach deireadh a chur le fionraíocht pháirteach an Chomhaontaithe Comhair idir an tAontas agus an tSiria, agus ar an gcaoi sin an Comhaontú Comhair idir an tAontas agus an tSiria a athbhunú go hiomlán.

Bhain an fhionraíocht le forálacha an Chomhaontaithe Comhair lena gcuirtear deireadh leis na srianta cainníochtúla ar tháirgí a bhí faoi réir na mbeart sriantach a allmhairiú ón tSiria isteach san Aontas. Níor cuireadh na lamháltais taraife ar fionraíocht. Dá bhrí sin, ní bheadh aon tionchar ag aisghairm na fionraíochta páirtí ar shreafaí trádála, ós rud é, tar éis na bearta sriantacha a aisghairm, nach bhfuil aon srian cainníochtúil eile ar allmhairí na dtáirgí atá faoi réir na fionraíochta páirtí isteach san Aontas ón tSiria faoi láthair.

Trí dheireadh a chur le fionraíocht pháirteach an Chomhaontaithe Comhair, fiú más foirmiúlacht é sin agus mura bhfuil aon éifeacht shonrach aige ar thrádáil, is féidir leis an Aontas comhartha polaitiúil tacaíochta a chur in iúl chun an caidreamh leis an tSiria a normalú agus do théarnamh socheacnamaíoch na tíre.

- **Comhsheasmhacht le beartais an Aontais**

Tá an togra seo comhsheasmhach le seasaimh an Aontais maidir leis an tSiria ó thit réimeas Assad agus comhlánaíonn sé iad, agus go háirithe na conclúidí ón gComhairle Eorpach maidir leis an tSiria an 19 Nollaig 2024 chomh maith leis na conclúidí ón gComhairle an 23 Meitheamh 2025 agus an cinneadh ón gComhairle deireadh a chur le smachtbhannaí eacnamaíocha an Aontais ar an tSiria i mí na Bealtaine 2025.

Tá an togra seo i gcomhréir le hAirteagal 207(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) lena bhforáiltear go ndéanfar an comhbheartas tráchtála i gcomhthéacs phrionsabail agus chuspóirí ghníomhaíochtaí seachtracha an Aontais. Áirítear orthu sin uilíocht chearta an duine agus saoirsí bunúsacha, an smacht reachta agus prionsabail an dlí idirnáisiúnta.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tugtar aghaidh sa togra ar chuspóir beartais eachtraigh, is é sin gnáthchaidreamh trádála leis an tSiria a athbhunú agus tacú le téarnamh socheacnamaíoch na tíre, agus ní chuireann sé isteach ar bheartais eile de chuid an Aontais.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí don nós imeachta**

Sa chéad rogha mhalartach d'Airteagal 218(9) CFAE, tugtar bunús dlí nós imeachta le haghaidh cinntí lena gcuirtear comhaontú idirnáisiúnta ar fionraíocht. Áirítear leis sin freisin cinntí lena bhfoirceanntar fionraíocht a chinn an Chomhairle roimhe sin.

Sa chás seo, molann an Coimisiún cinneadh ón gComhairle lena bhfoirceanntar fionraíocht forálacha áirithe den Chomhaontú a bhaineann le trádáil agus, dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) an bunús dlí nós imeachta iomchuí.

- **Bunús dlí substainteach**

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith.

Baineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe le lamháltais allmhairiúcháin a athbhunú le haghaidh trádáil earraí a leagtar síos i gcomhaontú idirnáisiúnta. Cumhdaítear beart den sórt sin go hiomlán faoi raon feidhme an chomhbheartais tráchtála mar a leagtar amach in Airteagal 207(1) CFAE.

Dá bhrí sin, is í an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) CFAE an bunús dlí substainteach leis an gcinneadh atá beartaithe.

- **Conclúid**

Ba cheart an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith mar bhunús dlí don chinneadh ón gComhairle atá beartaithe.

- **Comhréireacht**

Ní théann an togra seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir atá á shaothrú a bhaint amach, is é sin, foirceannadh a dhéanamh ar fhionraí páirteach forálacha áirithe den Chomhaontú Comhair idir an tAontas Eorpach agus an tSiria a bhaineann le trádáil.

- **An rogha ionstraime**

Ní féidir cuspóirí an togra seo a bhaint amach ach amháin trí ghníomh lena bhfoirceanntar fionraíocht pháirteach an chomhaontaithe idirnáisiúnta lena mbaineann. Dá bhrí sin, is é cinneadh ón gComhairle lena bhfoirceanntar an Cinneadh lena gcuirtear an Comhaontú Comhair ar fionraíocht go páirteach an t-aon ionstraim atá ar fáil chun an cuspóir sin a bhaint amach.

## 3. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Beartaítear leis an ngníomh dlí deireadh a chur le fionraíocht fhorálacha an Chomhaontaithe Comhair lena dtoirmisctear srianta cainníochtúla ar allmhairí ón tSiria isteach san Aontas. Baineann sé le táirgí a bhí faoi réir na mbeart sriantach faoi CBES. Dá bhrí sin, níl aon impleacht bhuiséadach aige.

## 4. EILIMINTÍ EILE

- **Fógra faoin bhfoirceannadh**

Maidir le hábhair a thagann faoi raon feidhme chur i bhfeidhm CFAE, déanann an Coimisiún ionadaíocht don Aontas go seachtrach i gcomhréir le hAirteagal 17(1) CAE. Dá bhrí sin, tá sé de chúram ar an gCoimisiún, a luaithe a ghlacfaidh an Chomhairle an Cinneadh seo ón gComhairle, fógra a thabhairt do Phoblacht na Siria go bhfuil deireadh curtha le fionraíocht pháirteach an Chomhaontaithe Comhair, a cuireadh chun feidhme i gcomhréir le Cinneadh ón gComhairle an 2 Meán Fómhair 2011 (2011/523/AE) arna leasú le Cinneadh 2012/123/CBES ón gComhairle an 27 Feabhra 2012.

- **An t-uainiú maidir le cur chun feidhme**

Chun am leordhóthanach ama a thabhairt chun na hathruithe ar an taraif chustaim a chur chun feidhme, beidh feidhm ag foirceannadh fhionraíocht na rochtana fabhraí ar an margadh ón gcéad lá den chéad mhí tar éis don Choimisiún fógra maidir leis an bhfoirceannadh a thabhairt do Phoblacht na Siria.

- **Forghníomhú an Chinnidh**

Tá sé de chúram ar an Ard-Stiúrthóireacht um Thrádáil agus Slándáil Eacnamaíoch an Cinneadh seo a fhorghníomhú trí threoir a thabhairt do Thoscaireacht an Aontais Eorpaigh chuig an tSiria fógra a thabhairt d’Aireacht Gnóthaí Eachtracha agus Easaoránach Phoblacht Arabach na Siria faoi fhoirceannadh na fionraíochta trí nóta taidhleoireachta agus trí fhógra a thabhairt don Chomhairle um Chomhar a bunaíodh le hAirteagal 35(1) den Chomhaontú Comhair agus do Mhisean Phoblacht Arabach na Siria chuig an Aontas Eorpach.

2026/0093 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## lena bhfoirceanntar fionraíocht pháirteach an Chomhaontaithe Comhair idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht Arabach na Siria agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2011/523/AE

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Eanáir 1977, thug Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht Arabach na Siria Comhaontú Comhair[1] (an Comhaontú Comhair) i gcrích chun comhar foriomlán a chur chun cinn d'fhonn an caidreamh idir na páirtithe a neartú.

(2) Le Cinneadh 2011/523/AE ón gComhairle[2], cuireadh cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Comhair ar fionraíocht go páirteach tar éis an fheachtais bhrúidiúil a rinne Bashar al-Assad agus a réimeas in aghaidh a muintire féin.

(3) Bhí gá le hAirteagail 12, 14 agus 15 den Chomhaontú Comhair a chur ar fionraíocht go páirteach, ar Airteagail iad lena gcuirtear toirmeasc ar allmhairí ón tSiria isteach san Aontas, maidir le hamhola agus táirgí peitriliam, chun Cinneadh 2011/522/CBES ón gComhairle[3] a chur chun feidhme.

(4) Le Cinneadh 2012/123/CBES ón gComhairle[4], leathnaíodh fionraíocht pháirteach chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Comhair chun allmhairí óir, miotal lómhar agus diamant isteach san Aontas ón tSiria a chumhdach. Bhí gá le Cinneadh 2012/123/CBES a ghlacadh chun na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2012/122/CBES ón gComhairle[5] a chur chun feidhme.

---

[1] Comhaontú Comhair idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht Arabach na Siria (IO L 269, 27.9.1978, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1978/2216/oj).

[2] Cinneadh 2011/523/AE ón gComhairle an 2 Meán Fómhair 2011 lena gcuirtear cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Comhair idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht Arabach na Siria ar fionraí go páirteach (IO L 228, 3.9.2011, lch. 19, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2011/523/oj).

[3] Cinneadh 2011/522 ón gComhairle an 2 Meán Fómhair 2011 lena leasaítear Cinneadh 2011/273/CBES maidir le bearta sriantacha in aghaidh na Siria (IO L 228, 3.9.2011, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2011/522/oj).

[4] Cinneadh 2012/123/CBES ón gComhairle an 27 Feabhra 2012 lena leasaítear Cinneadh 2011/523/AE lena gcuirtear cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Comhair idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht Arabach na Siria ar fionraí go páirteach (IO L 54, 28.2.2012, lch. 18, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2012/123(1)/oj).

[5] Cinneadh (CBES) 2012/122 ón gComhairle an 27 Feabhra 2012 lena leasaítear Cinneadh 2011/782/CBES maidir le bearta sriantacha in aghaidh na Siria (IO L 54, 28.2.2015, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2012/122(1)/oj).

(5) Ó mhí na Nollag 2024 i leith, tá athrú ó bhonn tagtha ar thírdhreach polaitiúil na Siria mar gheall ar thitim réimeas Bashar al-Assad, rud a fhágann go bhfuil na forais bhunaidh don fhionraíocht imithe i léig.

(6) Sna conclúidí uaithi an 23 Meitheamh 2025, leag an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá aistriú síochánta cuimsitheach sa tSiria, atá saor ón gcur isteach eachtrach díobhálach, agus a thábhachtaí atá sé cearta mhuintir na Siria ó gach cúlra eitneach agus reiligiúnach a chosaint gan idirdhealú.

(7) Chuir an Chomhairle i dtreis freisin go dtacaíonn sí leis na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag institiúidí idirnáisiúnta airgeadais chun measúnú a dhéanamh ar riachtanais na Siria agus d'iarr sí ar an mBanc Eorpach Infheistíochta dul i mbun gníomhaíochta arís sa tSiria. D'iarr sí ar an gcomhphobal idirnáisiúnta téarnamh eacnamaíoch na Siria a éascú agus obair a dhéanamh chun í a athimeascadh sa chóras idirnáisiúnta airgeadais.

(8) An 24 Feabhra agus an 27 Bealtaine 2025, i gCinntí (CBES) 2025/406[6] agus (CBES) 2025/1096[7] uaithi, chuir an Chomhairle deireadh le bearta sriantacha eacnamaíocha uile a bhí á bhforchur ar an tSiria, cé is moite díobh siúd atá bunaithe ar fhorais slándála, chun tacú le téarnamh socheacnamaíoch na tíre.

(9) I gcomhréir leis na cinntí sin, agus leis an gcuspóir gnáthchaidreamh trádála leis an tSiria a athbhunú agus tacú le téarnamh socheacnamaíoch na tíre, ba cheart fionraíocht pháirteach chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Comhair dá bhforáiltear i gCinneadh 2011/523/AE a fhoirceannadh.

(10) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2011/523/AE a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Aisghairtear Cinneadh 2011/523/AE.

*Airteagal 2*

Gabhfaidh éifeacht leis an gCinneadh seo an dáta a thabharfar fógra faoi.

---

[6] Cinneadh (CBES) 2025/406 ón gComhairle an 24 Feabhra 2025 lena leasaítear Cinneadh 2013/255/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria *(IO L, 2025/406, 25.2.2025, ELI:* http://data.europa.eu/eli/dec/2025/406/oj).

[7] Cinneadh (CBES) 2025/1096 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2025 lena leasaítear Cinneadh 2013/255/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Siria *(IO L, 2025/1096, 28.5.2025, ELI:* http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1096/oj).

*Airteagal 3*

Is chuig Poblacht Arabach na Siria a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*